An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# An tSraith d'Ábhair Theicneolaíochta

## Dúshláin Scoláirí - 27ú Aibreán



Teicneolaíocht Fheidhmeach



Innealtóireacht



Grafaic



Teicneolaíocht an Adhmaid

# Dúshláin Teicneolaíocht Fheidhmeach

## Dúshlán 5



Tá ócáidí siamsaíochta ag éirí níos idirghníomhaí ag úsáid Réaltacht Fhíorúil (VR) agus Réaltacht Bhreisithe (AR) chun cur le heispéireas daoine.

Ar smaoinigh tú riamh conas is féidir leis na hócáidí sin tarlú agus an teicneolaíocht a bhaineann leo?

Déan taighde ar an difríocht idir theicneolaíocht VR agus AR.

Roghnaigh ócáid siamsaíochta agus mol conas a thiocfadh leat an t-eispéireas sin a fheabhsú ag úsáid teicneolaíochta. Cuir isteach crua-earraí agus aon bhogearraí digiteacha a d'fhéadfá a úsáid freisin.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Seo roinnt físeán d'ócáidí siamsaíochta atá ag tarlú go fíorúil:

https://www.youtube.com/watch?v=OndWrKMADMI

https://www.youtube.com/watch?v=NBsCzN-jfvA

## Dúshlán 6



Tuirseach de bheith ag fanacht laistigh? Conas a dhearfá agus a dhéanfá teach crainn nó foscadh lasmuigh den chineál sin? Cén struchtúr a bheadh aige? Cé na hábhair a d'úsáidfeá? Cosain na roghanna a dhéanann tú.

Thiocfadh leat fréamhshamhail bheag a dhéanamh i dtús báire. Conas a chabhraíonn sé leat foghlaim nuair a dhéanann tú fréamhshamhail?

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

https://www.youtube.com/watch?v=WRfJyXks09o

Ar smaoinigh tú riamh conas a spreagann an domhan nádúrtha struchtúir de dhéantús an duine? Breathnaigh an físeán thíos le níos mó a fháil amach:

https://youtu.be/WHgeMDT0tAg

# Dúshláin Innealtóireachta

## Dúshlán 5



**Fan sa bhaile agus amharc ar scannán**

Tóg teilgeoir do do ghuthán cliste.

Mura bhfuil gloine mhéadaithe agat, an bhfuil a dhath eile a d’fhéadfaí a úsáid?

Déan machnamh ar an bpróiseas agus ar an tionscadal críochnaithe.

Naisc a d’fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

San fhíseán seo gheofar na treoracha uile ar an dóigh chun teilgeoir a thógáil as bosca bróg.

Anseo, gheobhaidh tú níos mó samplaí agus ábhair a theastaíonn chun teilgeoir a thógáil.

## Dúshlán 6



**Leictreonaic**

Aimsigh gaireas simplí i do theach a oibríonn go leictreonach.

Déan imscrúdú agus taighde ar an gcaoi a n-oibríonn an gaireas seo, sceitseáil an chiorcaid leictreonach agus na lipéid chuí ar na siombailí uile.


Naisc a d’fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Tabharfaidh an nasc seo thú chuig PDF de shiombailí leictreacha.

Is féidir breathnú anseo ar fhíseán 10 nóim. ar an gcaoi a n-oibríonn an leictreachas.

# Dúshláin Ghrafaice

## Dúshlán 5





Chuaigh **Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann** (IRAÉ) i gcomhpháirt le foireann Ghrafaice JCt4 chun deis a thabhairt do scoláirí Grafaice na chéad bhliana a gcuid oibre a chur ar taispeáint ag ceanncheathrú IRAÉ.

Breis eolais anseo… Leagan Gaeilge anseo…

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Ta gearrthóg bheag bheochana de chruthanna éagsúla a mbímid ag plé leo ar bhonn laethúil le fáil ag…http://www.makeshapechange.com/

## Dúshlán 6



**Cé mhéad slite inar féidir na solaid 3T a chur ar bharr a chéile / a chomhcheangal?**

Sceitseáil do chuid réiteach in 2T agus / nó 3T.

Cuir dathú / scáthú le do réitigh. Thiocfadh an ceathrú solad de do rogha féin a chur leis.

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Breathnaigh ar an bhfíseán seo chun cuidiú leat sceitse a dhéanamh ar na 3D solids.

# Dúshláin Teicneolaíocht Adhmaid

## Dúshlán 5



***Is minic a úsáidtear adhmad chun uirlisí cócarála a dhéanamh mar aon le trealamh eile ullmhúchán bia.***

*Roghnaigh acra amháin trealamh adhmaid mar sin ó do chistin agus déan sceitse de.*

*Tabhair feabhsú dearaidh amháin a ba mhaith leat a dhéanamh ar an acra sin.*

*Mol adhmad oiriúnach amháin chun an t-acra sin a dhéanamh agus tabhair **dhá** chúis le do rogha.*

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Chun níos mó eolais a fháil ar uirlisí cócaireachta adhmaid, cliceáil

## Dúshlán 6




***Dúshlán Dearaidh***

*Dear gradam chun bronnadh ar bhuaiteoir seo tallainne do scoile.*

*Breathnaigh ar an bhfíseán thíos a thugann achoimre ar straitéis darb ainm "Crazy 8's". Úsáid an straitéis sin chun smaointe a ransú.*

*Sceitseáil do smaointe dearaidh deiridh agus cruthaigh samhail chairtchláir de do dhearadh / dhearaí.*

Naisc a d'fhéadfadh cabhrú chun an dúshlán seo a shárú:

Breathnaigh ar an bhfíseán seo le cuidiú leat teacht ar smaointe dearaidh.

Cabhróidh an nasc seo leat samhail a chruthú de do dhearadh.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
Junior CYCLE for teachers

# Múinteoirí Teicneolaíochta …

Rinneadh na gníomhaíochtaí seo a dhearadh agus a thiomsú i gcomhair múinteoirí a chaithfeadh a bheith ag plé le cianteagasc.  Níl i gceist leis na gníomhaíochtaí seo ach moltaí féideartha faoi na tascanna a d’fhéadfadh scoláirí a dhéanamh.

Is cóir gurb í an aithne a bhíonn ag múinteoirí ar a gcuid scoláirí féin a chuirfeadh bonn eolais faoina gcinneadh i dtaobh na ngníomhaíochtaí is fearr a d’fhóirfeadh dá scoláirí.

**Ba mhian linn taispeántas a dhéanamh de fhreagraí na scoláirí ar na dúshláin gach Aoine ar ár leathanach giolcaireachta JCt4**

**Dá mba mhian leat freagraí do scoláirí a bheith le feiceáil, cuir íomhánna den obair s’acu chuig an seoladh r-phoist JCt4 seo a leanas: michael.lynch@jct.ie**



Teicneolaíocht Fheidhmeach



Innealtóireacht



Grafaic



Teicneolaíocht an Adhmaid